Organic

School Gardening Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Leasacháin Orgánacha Leachtacha a Dhéanamh Do Ghairdín na Scoile

SUITABLE FOR 4TH - 6TH CLASS • RANG 4 - 6 •

4-6

| | |
|---|---|
| **Tráth na Bliana** | Márta go Meitheamh |
| **Aidhm** | Le leasacháin leachtacha a dhéanamh is féidir a úsáid sa ghairdín. |
| **Acmhainní de dhíth** | Buicéad le clúdach, brící, duilleoga lus na gcnámh briste, duilleoga neantóg, 3 chraiceann banana, coimeádán ½ lítear, criathar, lámhainní, masc, canna uisce. |
| **Ábharthacht Thraschuraclaim** | **OSIE:** Dúile beo, ag iniúchadh / ag déanamh taighde, ag taifeadadh, ag breathnú<br>**Mata:** Foghlaim ghníomhach a thomhas, a thaifeadadh<br>**Litearthacht:** Focail nua, scríobh, litriú<br>**Curaclam Neamhfhoirmiúil:** Discover Primary Science |

## Tae Neantóg

Tá cion ard nítrigine ag tae neantóg agus mar sin baineann sé tairbhe as glasraí duilleacha. Bailigh na duilleoga agus gais na neantóga nuair atá siad óg. Gearr suas i bpíosaí beaga iad agus cuir isteach iad buicéad. Cuir bríce ar a bharr chun iad a bhrú síos. Cuir dóthain uisce báistí chun iad a chlúdach. Cuir clúdach thar an mbuicéad mar go scaoileann siad boladh salach. Fág ar feadh thart ar mhí roimh an t-ábhar a scagadh agus a chaolú an meascán in uisce báistí ag cóimheas 1 chuid sú neantóg go 10 bpáirt uisce.

## Tae Lus na gCnámh Briste

Tá tae Lus na gCnámh Briste ard i bpotaisiam agus mar sin tá sé go maith do phlandaí a a bhláthaíonn agus a thugann torthaí. Cuir buicéad lán de dhuilleoga lus na gcnámh briste isteach i gcoimeádán i mí Aibreáin agus cuir bríce ar a bharr. Clúdaigh le uisce báistí. Cuir clúdach ar an gcoimeádán agus fág ar feadh ar a laghad 4 seachtaine roimh an t-ábhar a scagadh agus é a úsáid i gcóimheas de 1:10 timpeall plandaí.

## Tae Banana

Tá an leacht a tháirgtear ó chraicne banana ard i bpotaisiam agus tá sé go maith le húsáid ar phrátaí ach go háirithe. Cuir ar maos 2 nó 3 chraiceann banana i leath lítear uisce ar feadh cúpla lá. Úsáid neamhchaolaithe.

### Sláinte agus Sábháilteacht

- Caith lámhainní i gcónaí agus neantóga á láimhseáil agus duilleoga lus na gcnámh briste mar is féidir leis an dá cheann cur isteach ar an gcraiceann.
- Scaoileann leasacháin leacht neantóg agus lus na gcnámh briste boladh láidir míthaitneamhach mar sin caith masc agus iad á gcaolú má bhraitheann tú go bhfuil na bolaithe ró-chumhachtach.